



GAIRM AR PHÁIPÉIR: SAOTHAR BHREANDÁIN UÍ EITHIR

SEIMINEÁR FÍORÚIL LAE

Tá sé i gceist ag Cló Iar-Chonnacht, i gcomhar le OÉ Gaillimh, athchuart chriticiúil a thabhairt ar shaothar Bhreandáin Uí Eithir (1930-1990) ag seimineár fíorúil lae Dé hAoine, an 24 Meán Fómhair 2021.

Is iomaí téama agus ábhar a shaothraigh Breandán Ó hEithir ina chuid scríbhinní: spórt, stair, polaitíocht, Árainn, litríocht, foilsitheoireacht, ceist na Gaeltachta gan ach cuid de na téamaí is coitianta a lua. Léiríonn *An Nollaig Thiar* (1989) agus *An Aran Reader* (1991), ar chuir sé eagar air le Ruairí Ó hEithir, cén léamh a bhí aige ar a dhúchas ar Inis Mór. Cuireann na foilseacháin *This is Ireland* (1987) agus *A Pocket History of Ireland* (1989) leis an traidisiún scríbhneoireachta a chleacht Árainn eile agus uncail leis, Liam Ó Flaithearta (1896-1984), a scríobh *The Tourist's Guide to Ireland* (1930), ina cheann ar líon mór úrscéalta agus gearrscéalta. Tráchtairé géarchúiseach ar chúrsaí polaitíochta ab ea Ó hEithir mar is léir ó *Willie the Plain Pint agus an Pápa* (1977) agus *The Begrudger's Guide to Irish Politics* (1986). Tugadh ardmholadh dá chuntas cumasach ar a chaidreamh le cluichí Chumann Lúthchleas Gael, *Over the Bar* (1984), agus do shaothar ceannródaíoch spóirt eile óna pheann, *Ciarán Fitzgerald agus Foireann Rugbaí na hÉireann* (1985). Bhain úrscéalta Uí Eithir – *Lig Sinn i gCathú* (1976) agus *Sionnach ar mo Dhuán* (1988) – caint, cáil agus conspóid amach tráth a bhfoilsithe. Tá an chuid is fearr dá cholúnóireacht chlóis curtha in eagar ag Caoilfhionn Nic Pháidín in *An Chaint sa tSráidbhaile* (1991) agus beathaisnéis chuimsitheach *Breandán Ó hEithir: Iomramh Aonair* (2000) scríofa ag Liam Mac Con Iomaire. Níor mhiste iniúchadh as an nua a dhéanamh ar éagsúlacht na scríbhinní seo d'fhonn scagadh a dhéanamh ar an oidhreacht neamhghnách liteartha a bhaineann le Breandán Ó hEithir.

Eagrófar roinnt seisiún léachtaí agus painéal plé ag seimineár gréasáin ar an 24 Meán Fómhair. Cuirfear fáilte roimh thairiscintí páipéir (20-25 nóiméad) ar théamaí agus ábhair a bhaineann le gné ar bith de shaothar Bhreandáin Uí Eithir. Tá sé i gceist ag Cló Iar-Chonnacht cnuasach aistí a fhoilsiú bunaithe ar imeachtaí an tseimineáir. Is féidir teideal, achoimre ghairid (150 focal) agus sonraí teagmhála a sheoladh chugainn roimh an **1 Meitheamh 2021**.

Tuilleadh eolais:

Mícheál Ó Conghaile

moccic22@outlook.com

Dónall Ó Braonáin

donall.obraonain@oegaillimh.ie



OÉ Gaillimh
NUI Galway